

# Éagothroime Sláinte i measc leanaí ag aois scoile in Éirinn

Deireadh Fómhar 2008



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ

HBSC

Office of the Minister for Children and Youth Affairs
Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Éagothroime Sláinte i measc leanaí ag aois scoile in Éirinn

Deireadh Fómhar 2008

Michal Molcho, Colette Kelly, Aoife Gavin agus Saoirse Nic Gabhainn.

HBSC Éireann, An tIonad Taighde um Chothú Sláinte,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
www.nuigalway.ie/hbsc

© Cóipcheart 2008
An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
An Roinn Sláinte agus Leanaí, Rialtas na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Arna fhoilsiú ag:
An Roinn Sláinte agus Leanaí, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

ISBN: 978-0-9546815-8-6

# Clár


**Achoimre Feidhmiúcháin** .......... **5**

**1. Réamhrá** .......... **9**
- 1.1 Modheolaíocht .......... 10
- 1.2 Anailís .......... 11

**2. Sláinte Ghinearálta** .......... 19
- 2.1 An Lucht Siúil .......... 19
- 2.2 Inimircigh .......... 20
- 2.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 22
- 2.4 Scoileanna DEIS .......... 24

**3. Rioscaí Iompraíochta** .......... **25**
- 3.1 An Lucht Siúil .......... 25
- 3.2 Inimircigh .......... 26
- 3.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 28
- 3.4 Scoileanna DEIS .......... 30

**4. Bia agus iompraíocht cothaithe** .......... **31**
- 4.1 An Lucht Siúil .......... 31
- 4.2 Inimircigh .......... 32
- 4.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 36
- 4.4 Scoileanna DEIS .......... 40

**5. Gníomhaíocht fhisiciúil agus iompraíocht shuiteach** .......... **43**
- 5.1 An Lucht Siúil .......... 43
- 5.2 Inimircigh .......... 44
- 5.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 46
- 5.4 Scoileanna DEIS .......... 48

**6. Gortuithe, troid agus bulaíocht** .......... **49**
- 6.1 An Lucht Siúil .......... 49
- 6.2 Inimircigh .......... 50
- 6.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 52
- 6.4 Scoileanna DEIS .......... 54

**7. Comhthéacs Sóisialta don tSláinte** .......... 55
- 7.1 An Lucht Siúil .......... 55
- 7.2 Inimircigh .......... 56
- 7.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach .......... 60
- 7.4 Scoileanna DEIS .......... 64

**Foireann an Tionscadail** .......... **67**



# Achoimre Feidhmiúcháin

## *Réamhrá*

Seo an dara tuarascáil náisiúnta ó shuirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) 2006. Is é aidhm na tuarascála seo iniúchadh a dhéanamh ar stádas sláinte agus ar iompraíocht sláinte sainghrúpaí leanaí a chónaíonn in Éirinn. Cuirtear sonraí i láthair maidir le daltaí ón Lucht Siúil, daltaí ó theaghlaigh inimirceacha, daltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu agus daltaí i scoileanna atá rannpháirteach i gClár Tacaíochta Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoin bplean gnímh Comhionannas Deiseanna i Scoileanna ar a dtugtar scoileanna DEIS. Rinneadh comparáid idir daltaí i ngach sainghrúpa díbh sin agus foghrúpa ón sampla náisiúnta a comhoiriúnaíodh de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus ceantair. Déanann an tuarascáil seo athbhreithniú ar stádas sláinte agus iompraíocht féintuairiscithe na ngrúpaí éagsúla maidir leo seo a leanas: sláinte ghinearálta, iompraíocht riosca, iompraíocht bia agus aiste bia, iompraíocht fhisiciúil agus shuiteach, gortuithe agus maistíneach i gcomhthéacs sóisialta na sláinte.

## *An Lucht Siúil*

Bhí daltaí ón lucht siúil cosúil lena ngrúpa comhoiriúnaithe sa mhéid gur thuairiscigh siad go raibh togha na sláinte acu agus go raibh siad an-sona lena saol. Ach ba lú an seans go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil go raibh siad an-sásta leis an saol, agus ba mhó faoi dhó an seans go dtuairisceodh cailíní ón Lucht Siúil go mbíonn tinneas cinn orthu gach seachtain ná na cailíní ón ngrúpa comhoiriúnaithe. Ba mhó an seans go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil gur caiteoirí tobac iad faoi láthair, gur ól siad alcól le mí anuas, go raibh siad 'ar deargmheisce' uair amháin ina saol, ar a laghad, agus gur úsáid siad cannabas le 12 mhí anuas.

B'ionann an méid torthaí agus glasraí a itheadh i measc daltaí ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe, ach thuairiscigh níos mó buachaillí ón Lucht Siúil gur ith siad milseáin go minic. Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil nach raibh bricfeasta acu aon lá sa tseachtain, go raibh siad ar aiste le meáchan a chailleadh agus go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia ná an grúpa comhoiriúnaithe. Ba mhó seans chomh maith go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil nach ndearna siad aclaíocht go minic, ach ní raibh aon difear idir iad agus a ngrúpa comhoiriúnaithe maidir le gnéithe eile den iompraíocht shuiteach agus maidir le bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil.

Ba mhó seans go dtuairisceodh cailíní ón Lucht Siúil go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas, ach níor léir aon difríochtaí idir an Lucht Siúil agus a ngrúpa

comhoiriúnaithe maidir le bheith páirteach i mbulaíocht ar dhaoine eile, nó i dtroid, nó gortú ar cuireadh cóir leighis air a thuairisciú.

Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil dearcadh dearfach i leith na scoile. Ba lú seans go dtuairisceodh cailíní ón Lucht Siúil gur thaitin an scoil leo, gur ghlac daltaí eile ina rang leo mar a bhí siad, nó go raibh triúr cairde nó níos mó ná sin acu den inscne chéanna. Ba lú an seans go dtuairisceodh buachaillí ón Lucht Siúil go mbaineann daltaí ina seomra ranga sult as a bheith le chéile. Ba lú seans chomh maith go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil go raibh sé éasca acu labhairt lena máthair, cé nach raibh aon difríocht idir an Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe maidir le cumarsáid leis an athair.

## *Inimircigh*

Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair nó go bhfuil siad an-sona leis an saol i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe. Ba mhó seans go dtuairisceodh cailíní inimirceacha ón RA go mbíonn tinneas cinn orthu go seachtainiúil i gcomparáid leis na cailíní sa ghrúpa comhoiriúnaithe. Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha neamh-RA gur ól siad alcól nó gur nós leo bheith ar meisce, cé gur i gcás buachaillí amháin a bhí difear suntasach sna staitisticí. Ba lú seans chomh maith go dtuairisceodh daltaí nach as an RA iad go gcaitheann siad tobac faoi láthair i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe.

Bhí daltaí inimirceacha nach as an RA iad cosúil lena ngrúpa comhoiriúnaithe i gcás an bhia a d’ith siad agus iompraíochta cothaithe seachas i gcás torthaí a ithe a tuairiscíodh a bhí níos coitianta i measc cailíní nárbh inimircigh as an RA iad. Ba mhó seans, ar an lámh eile, go dtuairisceodh cailíní ar inimircigh ón RA iad nach mbíodh bricfeasta acu aon lá i rith na seachtaine agus go raibh siad ar aiste le meáchan a chailleadh i gcomparáid le cailíní ón ngrúpa comhoiriúnaithe. Thuairiscigh níos mó daltaí inimirceacha gur lú ná uair sa tseachtain a bhídís i mbun aclaíochta agus thuairiscigh níos lú acu go raibh siad gníomhach go fisiciúil 5 lá sa tseachtain nó níos mó ná sin an tseachtain roimhe sin.

Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas, ach níor léir aon difríochtaí idir daltaí inimirceacha agus a ngrúpa comhoiriúnaithe maidir le bheith páirteach i maistíneacht ar dhaoine eile, nó i dtroid, nó gortú ar cuireadh cóir leighis air a thuairisciú.

Maidir le comhthéacs sóisialta sláinte, ba lú seans go dtuairisceodh inimircigh ón RA dearcadh dearfach i leith na scoile agus ba lú seans go dtuairisceodh inimircigh nach ón RA iad go raibh caidreamh maith acu lena bpiaraí. Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha ón RA gur maith le daltaí ina gcuid ranganna a bheith le chéile, go bhfuil daltaí ina ranganna cineálta agus cabhrach nó go nglacann daltaí eile ina gcuid ranganna leo mar atá siad. Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí nach as an RA dóibh go nglacann

daltaí ina ranganna leo mar atá siad, go gcaitheann siad dhá thráthnóna nó níos mó ná sin lena gcairde nó go bhfuil triúr cairde den inscne chéanna acu nó níos mó ná sin. Níor aithníodh aon difríochtaí sa chaidreamh le tuismitheoirí.

## *Míchumas agus Tinneas Ainsealach*

Thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go bhfuil togha na sláinte acu, go bhfuil siad an-sásta lena saol nó go bhfuil siad an-sona leis an saol i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe. Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu go mbíonn tinneas cinn orthu gach seachtain i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe. Ba léir na difríochtaí i measc daltaí a bhfuil míchumas orthu nó tinneas ainsealach a chuireann as do ghníomhaíocht laethúil. Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht gur caiteoirí tobac iad faoi láthair. Níor aimsíodh aon difríochtaí eile idir daltaí le míchumas nó le tinneas ainsealach agus na grúpaí comhoiriúnaithe i dtaca le hólachán nó le húsáid cannabais.

Nuair a dhéantar scrúdú ar na trí fhoghrúpa seo le míchumas nó le tinneas ainsealach le chéile, ní fheictear ach cúpla difríocht i gcás bia agus iompraíochta cothaithe. Eascraíonn an chuid is mó de na difríochtaí ón ngrúpa daltaí le míchumas a bhfuil tionchar aige ar ghníomhaíocht. Thuairiscigh na daltaí sin gur ól siad deochanna boga níos minice ach gur ith siad glasraí níos minice chomh maith. Thuairiscigh níos mó daltaí le míchumas a bhfuil tionchar aige ar ghníomhaíocht nach mbíodh bricfeasta acu i rith na seachtaine, go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia agus go raibh siad ar aiste ná an grúpa comhoiriúnaithe. Is lú buachaillí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu ar gá cógais a thógáil dó nó a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht a thuairiscigh go raibh siad gníomhach go fisiciúil cúig lá sa tseachtain nó níos mó ná sin le seachtain anuas, agus thuairiscigh níos mó cailíní a bhfuil míchumas orthu a mbíonn tinchar aige ar ghníomhaíocht go ndearna siad aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain.

Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu gur gortaíodh iad le 12 mhí anuas, go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas agus go raibh siad i dtroid le 12 mhí anuas. Ba idir na daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht is follasaí na difríochtaí seo i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe.

Thuairiscigh daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht go raibh dearcadh nach raibh chomh dearfach sin acu ar shaol na scoile agus ar a gcaidreamh lena dtuismitheoirí. Thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht gur maith leo an scoil agus go nglacann daltaí eile ina rang leo mar atá siad. Ba lú an seans go dtuairisceoidís

go bhfuil sé éasca nó an-éasca orthu labhairt lena n-athair nó lena máthair faoi nithe a chuireann isteach go mór orthu.

### *Scoileanna DEIS*

Ba lú seans go dtuairisceodh daltaí i scoileanna DEIS go bhfuil an tsláinte go maith acu i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe. Thuairiscigh níos lú daltaí i scoileanna DEIS go bhfuil togha na sláinte acu nó go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair, agus thuairiscigh níos mó daltaí i scoileanna DEIS go mbíonn tinneas cinn orthu go seachtainiúil. Chomh maith leis sin, ba mhó seans go dtuairisceodh buachaillí sna scoileanna sin go gcaitheann siad tobac faoi láthair agus go raibh siad 'ar deargmheisce' i gcomparáid le buachaillí sa ghrúpa comhoiriúnaithe.

Thuairiscigh níos lú daltaí i scoileanna DEIS gur ith siad torthaí agus glasraí go minic agus thuairiscigh níos mó daltaí i scoileanna DEIS gur ith siad milseáin agus gur ól siad deochanna boga go laethúil agus nár bhac siad le bricfeasta i rith na seachtaine. Ba mhó an seans go dtuairisceodh buachaillí i scoileanna DEIS gur amharc siad ar an teilifís ar feadh uaire an chloig nó dhá uair an chloig sa lá ná a ngrúpa comhoiriúnaithe. Níor léir aon difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe maidir le gníomhaíocht fhisiciúil. Ach thuairiscigh níos mó cailíní i scoileanna DEIS go ndearna siad bulaíocht ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas agus go raibh siad i dtroid uair amháin ar a laghad le 12 mhí anuas.

Ba lú seans go dtuairisceodh buachaillí i scoileanna DEIS go raibh dearcadh dearfach acu i leith na scoile: thuairiscigh níos lú acu go dtaitníonn an scoil leo, go mbaineann daltaí ina ranganna sult as a bheith le chéile agus go bhfuil daltaí ina ranganna cineálta agus cuiditheach. Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí i scoileanna DEIS, áfach, go gcaitheann siad trí thráthnóna nó níos mó ná sin sa tseachtain le cairde i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe.

Tá sonraí breise sa tuarascáil iomlán ar na modhanna a úsáideadh, na grúpaí ar leith a bhíothas a fhiosrú agus na torthaí a fuarthas.

# 1. Réamhrá

Seo an dara tuarascáil náisiúnta ina gcuirtear sonraí i láthair ó shuirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) 2006. Is é aidhm na tuarascála seo iniúchadh a dhéanamh ar stádas sláinte agus ar iompraíocht sláinte sainghrúpaí leanaí a chónaíonn in Éirinn. Cuirtear sonraí i láthair maidir le leanaí ón lucht siúil, leanaí ar inimircigh iad agus leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu. Chomh maith leis sin, áirítear sa tuarascáil seo sonraí ó leanaí i scoileanna a sannadh chuig Clár Tacaíochta Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoin bplean gnímh Comhionannas Deiseanna i Scoileanna (DEIS) (*www.education.ie*).

Staidéar taighde trasnáisiúnta é HBSC a dhéantar i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO). Reáchtáiltear an suirbhé idirnáisiúnta HBSC ar bhonn timthrialla acadúla 4 bliana agus 2005/6 bhí 41 tír agus réigiún rannpháirteacha ann (*www.hbsc.org*). Is iad cuspóirí an staidéir iomláin tuiscint nua a fháil ar shláinte agus ar fholláine daoine óga, ar a n-iompraíocht sláinte agus ar a gcomhthéacs sóisialta agus cur lenár dtuiscint orthu sin. Chomh maith leis an bhfeidhm monatóireachta agus ginte eolais atá aige, tá ionchur i mbeartas agus i gcleachtadh ar cheann de phríomhchuspóirí an HBSC.

Go trasnáisiúnta, bailíonn HBSC faisnéis faoi phríomhtháscairí sláinte, dearcaidh sláinte agus iompraíochta sláinte, agus faoi chomhthéacs na sláinte do dhaoine óga. Is suirbhé scoilbhunaithe an HBSC agus bailítear na sonraí trí cheistneoirí féin-chomhlánaithe a dháileann múinteoirí sa seomra ranga. Is ceistneoir caighdeánach ionstraim shuirbhé an HBSC a d'fhorbair an gréasán taighde idirnáisiúnta. Roghnaítear na réimsí spéise i gcomhar leis an WHO agus tá siad leagtha amach ar bhealach a chuideodh le cinnteoireacht ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta maidir le sláinte an aosa óig.

Is iad na hábhair a aithníodh lena n-áireamh sa dara tuarascáil seo ó shuirbhé Éireannach 2006 na cinn a aithníodh sa Straitéis Náisiúnta um Chothú Sláinte (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000) agus sa Straitéis Sláinte: Cáilíocht agus Cothroime (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2001). Ina measc sin tá sláinte ghinearálta, caitheamh tobac, úsáid alcóil agus substaintí eile, iompraíocht cothaithe agus bia, gníomhaíocht fhisiciúil agus iompraíocht shuiteach, gortuithe agus bulaíocht. Cuirtear na torthaí i láthair sa tuarascáil seo agus miondealú déanta orthu de réir na 4 fhoghrúpa leathan daltaí. Is é aidhm na tuarascála seo

[1] Department of Health and Children (2000). *The National Health Promotion Strategy 2000-2005.* http://www.healthpromotion.ie/health_promotion_strategy/.

[2] Department of Health and Children (2001). *Quality and Fairness: a health system for you.* http://www.dohc.ie/publications/quality_and_fairness.html.

doiciméadú a dhéanamh ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí idir na foghrúpaí seo ó thaobh iompraíochta sláinte féintuairiscithe, torthaí féintuairiscithe agus an comhthéacs sóisialta. Cuirfidh an taifeadadh ar na patrúin sin i measc leanaí, ar an gcineál patrúin atá ann agus ar mhéad na bpatrún sin le cumadh beartais agus le hidirghabhálacha éifeachtacha cothaithe sláinte a fhorbairt in Éirinn.

Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Oifig an Aire Leanaí maoiniú ar staidéar an HBSC. Rinneadh an suirbhé agus an anailís san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## 1.1 Modheolaíocht

Is staidéar comhoibríoch WHO (Oifig Eorpach) an HBSC. Bíonn príomhiniúchóirí as gach tír agus as gach réigiún ag comhoibriú le chéile maidir le hábhar, modheolaíocht agus tréimhse ama an tsuirbhé, agus déantar prótacal idirnáisiúnta a fhorbairt. Caithfear cloí go docht leis an bprótacal chun go gcuirfear an t-ábhar san áireamh sa bhunachar sonraí idirnáisiúnta agus d'éirigh linn é sin a dhéanamh sa staidéar reatha seo.

I bPoblacht na hÉireann, rinneadh sampláil chun go mbeadh an suirbhé ionadaíoch ar an gcéadatán leanaí atá i ngach ceann de na 8 réigiún tíreolaíochta. Ba é an aidhm a bhí leis sin sampla ionadaíoch náisiúnta a fháil de leanaí ag aois scoile, agus úsáideadh na nósanna imeachta céanna a úsáideadh do shuirbhéanna HSBC Éireann 1998 agus 2002. Úsáideadh sonraí as daonáireamh 2002 chun léiriú a thabhairt ar roinnt an daonra sna réigiúin tíreolaíochta éagsúla. Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ar chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta liosta díobh ar fáil, a sholáthraigh an fráma samplála. Rinneadh rannpháirtithe an staidéir a aithint trí phróiseas a raibh dhá chéim ann. Roghnaíodh scoileanna éagsúla i réigiúin go randamach agus ina dhiaidh sin roghnaíodh grúpaí ranga i scoileanna go randamach le bheith rannpháirteach sa suirbhé. I mbunscoileanna bhí grúpaí rang 5 agus 6 san áireamh, agus sna hiar-bhunscoileanna cuireadh gach rang seachas grúpaí na hArdteistiméireachta (i.e. ranganna scrúduithe na bliana deiridh) sa sampla.

Chuathas i dteagmháil ar dtús le príomhoidí tríd an bpost agus nuair a fuarthas freagra dearfach, tugadh ceistneoirí HBSC i nGaeilge nó i mBéarla dóibh, mar aon le clúdaigh ghlana lena chinntiú go gcoimeádfaí aitheantas freagróirí faoi rún, foirmeacha toilithe ó thuismitheoirí, bileoga eolais do mhúinteoirí agus foirmeacha aiseolais ranga. Is trí chlúdaigh litreach SAORPHOST a seoladh na foirmeacha ar ais. Chun cur leis an ráta freagartha, cuireadh meabhrúcháin sa phost chuig na scoileanna, agus ghlaoigh foireann taighde an Ionaid Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh orthu. Rinneadh na sonraí a iontráil de réir an phrótacail HBSC Idirnáisiúnta. Rinneadh teagmháil le 364 scoil ar dtús, agus astu sin bhí 344 bailí. San iomlán, bhí 215 scoil páirteach sa suirbhé, agus bhí ráta freagartha deiridh 63.1% ann. Is ionann sin agus iomlán n de 10,334.

## 1.2 Anailís

Chun aon difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na sainghrúpaí leanaí agus an gnáthphobal leanaí a chur san áireamh ó thaobh ceantair nó tréithe sochdhéimeagrafacha, cuireadh grúpaí comhoiriúnaithe le chéile as an sampla iomlán ar mhaithe le comparáid a dhéanamh eatarthu.

### *An Lucht Siúil*

Aithníodh leanaí ón Lucht Siúil trí fhéintuairisciú i suirbhé HBSC Éireann. Iarradh ar leanaí a thuairisciú cé acu ar bhaill den Lucht Siúil iad. Rinneadh códú mar bhaill den Lucht Siúil ar leanaí a chuir tic le 'is ea' mar fhreagra ar an gceist seo agus arbh as Éirinn nó as an Ríocht Aontaithe a dtuismitheoirí. As tacar sonraí an HBSC, chuir 233 (2%) de na leanaí iad féin in aithne mar bhaill den Lucht Siúil. Léiríonn Tábla 1.1 dáileadh thréithe sochdhéimeagrafacha leanaí ó phobal an Lucht Siúil i gcomparáid le sampla ginearálta HBSC Éireann.

**Tábla 1.1: Dáileadh sochdhéimeagrafach shampla HBSC Éireann i gcomparáid leis an sampla ón Lucht Siúil**

| | | Sampla ginearálta | An Lucht Siúil |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 51% | 52% |
| | Cailíní | 49% | 48% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 13% | 23% |
| | 12-14 bl | 48% | 46% |
| | 15-17 bl | 39% | 31% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 29% | 18% |
| | AS3-4 | 40% | 32% |
| | AS5-6 | 19% | 22% |
| | AS ar iarraidh | 12% | 28% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 42% | 61% |
| | Tuaithe | 58% | 39% |
| | *n* | *10101* | *233* |

Chun na difríochtaí ó thaobh aoise, aicme sóisialta agus ceantair (ceantar uirbeach/tuaithe) a shárú idir an Lucht Siúil agus an sampla ginearálta, rinneadh grúpa comparáideach a chomhoiriúnú le sampla an Lucht Siúil. Rinneadh gach cás sa ghrúpa comparáideach a chomhoiriúnú de réir inscne, aoise agus aicme sóisialta, agus cuireadh foshampla le chéile ina raibh tréithe sochdhéimeagrafacha den chineál céanna. Aon áit

arbh fhéidir é rinneadh an comhoiriúnú sa seomra ranga céanna (69% den ghrúpa). Nuair nárbh fhéidir sin cuardaíodh freagróir comhoiriúnaithe sa scoil chéanna (8% den ghrúpa), nó sa réigiúin (23% den ghrúpa). Mar a léirítear i dTábla 1.1 níor thuairiscigh sciar mór de leanaí ó phobal an Lucht Siúil cén aicme shóisialta lenar bhain a dtuismitheoirí.Rinneadh cásanna mar sin a chomhoiriúnú le freagróir as sampla ginearálta HBSC Éireann den inscne chéanna agus den aoisghrúpa céanna nach raibh i ndiaidh eolas a thabhairt maidir le haicme shóisialta tuismitheoirí.

### *Inimircigh*

Rinneadh sainmhíniú ar leanaí a rugadh taobh amuigh d'Éirinn (1ú glúin) nó ar leanaí ar rugadh a mbeirt tuismitheoirí taobh amuigh d'Éirinn (2ú glúin) mar inimircigh. I gcomhad sonraí an HBSC, aithníodh 562 leanbh (5%) mar inimircigh. Léiríonn Tábla 1.2 dáileadh thréithe sochdhéimeagrafacha leanaí an Lucht Siúil i gcomparáid le sampla ginearálta HBSC Éireann.

**Tábla 1.2: Dáileadh sochdhéimeagrafach shampla HBSC Éireann i gcomparáid leis an sampla inimirceach.**

| | | Sampla ginearálta | Inimircigh |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 51% | 51% |
| | Cailíní | 49% | 49% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 13% | 11% |
| | 12-14 bl | 48% | 50% |
| | 15-17 bl | 39% | 39% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 29% | 30% |
| | AS3-4 | 40% | 34% |
| | AS5-6 | 19% | 18% |
| | AS ar iarraidh | 12% | 18% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 42% | 53% |
| | Tuaithe | 58% | 47% |
| | *n* | *9733* | *561* |

Bhí an nós imeachta comhoiriúnaithe d'inimircigh mar an gcéanna leis an bpróiseas a bhí ann do bhaill an Lucht Siúil (rinneadh 69% a chomhoiriúnú laistigh dá seomra ranga, 8% eile laistigh dá scoil agus an 23% eile laistigh den réigiúin). Chomh maith leis an sampla ginearálta inimirceach, déanann an tuarascáil seo miondealú chomh maith ar an ngrúpa inimirceach mar seo a leanas: dóibh sin arb as an Ríocht Aontaithe duine de na tuismitheoirí (inimircigh ón Ríocht Aontaithe), agus dóibh sin nach as an Ríocht

Aontaithe ceachtar de na tuismitheoirí (inimircigh nach as an Ríocht Aontaithe iad). Déanann Tábla 1.3 an roinnt shochdhéimeagrafach ar an dá ghrúpa inimirceach seo a chur i láthair.

**Tábla 1.3: Dáileadh sochdhéimeagrafach shampla inimirceach na RA agus inimirceach nach as an RA iad**

| | | Inimircigh as an RA | Inimircigh nach as an RA iad |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 49% | 53% |
| | Cailíní | 51% | 47% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 11% | 11% |
| | 12-14 bl | 46% | 54% |
| | 15-17 bl | 43% | 35% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 28% | 31% |
| | AS3-4 | 43% | 26% |
| | AS5-6 | 18% | 18% |
| | AS ar iarraidh | 11% | 25% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 35% | 71% |
| | Tuaithe | 65% | 29% |
| | *n* | *276* | *286* |

Chomh maith leis sin áirítear sa tuarascáil seo sceitsí gairide ina ndéantar achoimre ar na sonraí ó na ceithre ghrúpa is mó de dhaltaí neamh-RA; ina measc tá na daltaí ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Nigéir agus ó na hOileáin Fhilipíneacha. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil líon na ndaltaí sna grúpaí sin beag agus níor cheart a mheas go bhfuil na sceitsí údarásach dá bhrí sin.

### *Míchumas agus Tinneas Ainsealach (TA)*

Cuireann an tuarascáil seo sonraí ar fáil ó leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu. Iarradh ar leanaí a thuairisciú má rinne dochtúir diagnóisiú orthu go raibh siad faoi mhíchumas nó go raibh tinneas ainsealach orthu. Fiafraíodh de leanaí an dtógann siad cógais don mhíchumas nó don tinneas ainsealach atá orthu agus an gcuireann a dtinneas/an míchumas atá orthu isteach ar a gcuid freastail ar an scoil agus ar a gcuid rannpháirtíochta ar scoil. Úsáideadh freagra dearfach ar an gcéad cheist le leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu a aithint. D'aithin suirbhé an HBSC go raibh míchumas/TA ar 2053 leanbh (20%).

Astu sin, thuairiscigh 670 (33%) go raibh míchumas/TA orthu nach bhfuil cógais le tógáil dó nó nach gcuireann isteach ar a rannpháirtíocht ar scoil, thuairiscigh 874 (42%) díobh sin go dtógann siad cógais agus thuairiscigh 510 (25%) go mbíonn tionchar ag an míchumas/TA atá orthu ar a gcuid rannpháirtíochta ar scoil. Léiríonn Tábla 1.4 dáileadh thréithe sochdhéimeagrafacha leanaí a bhfuil míchumas/TA orthu i gcomparáid le sampla ginearálta HBSC Éireann. Úsáideadh an nós imeachta comhoiriúnaithe a ndearnadh cur síos air do na grúpaí inimirceach agus do na grúpaí ón Lucht Siúil do leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu (rinneadh comhoiriúnú ar 68% laistigh dá seomra ranga, 12% laistigh dá scoil agus 20% laistigh dá réigiúin).

**Tábla 1.4 Dáileadh sochdhéimeagrafach shampla HBSC i gcomparáid le leanaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu**

| | | Sampla ginearálta | Míchumas / Tinneas Ainsealach |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 51% | 53% |
| | Cailíní | 49% | 47% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 13% | 14% |
| | 12-14 bl | 48% | 47% |
| | 15-17 bl | 39% | 39% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 29% | 28% |
| | AS3-4 | 40% | 41% |
| | AS5-6 | 19% | 18% |
| | AS ar iarraidh | 12% | 14% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 42% | 46% |
| | Tuaithe | 58% | 54% |
| | *n* | *8281* | *2053* |

Roinneadh an sampla de leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu i dtrí ghrúpa ar leith ag brath ar cé acu ar thuairiscigh siad go raibh siad ag tógáil cógas don mhíchumas atá orthu nó don tinneas ainsealach atá orthu agus ar cé acu a thuairiscigh siad go raibh tionchar aige sin ar a rannpháirtíocht ar scoil agus ar an bhfreastal ar an scoil (gníomhaíocht lipéadaithe). Déantar scagadh i dTábla 1.5 ar na trí ghrúpa le míchumas nó le tinneas ainsealach.

**Tábla 1.5: Dáileadh sochdhéimeagrafach na ngrúpaí le míchumas nó le tinneas ainsealach**

| | | Míchumas / Tinneas Ainsealach | Cógais do Mhíchumas/ do Thinneas Ainsealach | Míchumas / Tinneas Ainsealach a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht |
|---|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | | |
| | Buachaillí | 52% | 52% | 56% |
| | Cailíní | 48% | 48% | 44% |
| **Aoisghrúpa** | | | | |
| | 10-11 bl | 14% | 15% | 13% |
| | 12-14 bl | 47% | 47% | 47% |
| | 15-17 bl | 39% | 38% | 40% |
| **Aicme shóisialta** | | | | |
| | AS1-2 | 28% | 31% | 23% |
| | AS3-4 | 41% | 40% | 41% |
| | AS5-6 | 19% | 19% | 15% |
| | AS ar iarraidh | 12% | 10% | 21% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | | |
| | Uirbeach | 45% | 44% | 51% |
| | Tuaithe | 55% | 56% | 49% |
| | *n* | *670* | *874* | *510* |

## *Scoileanna DEIS*

Déantar sonraí ó leanaí i scoileanna a fhaigheann tacaíocht le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais faoi gClár Tacaíochta Scoile (SSP) - gné lárnach de phlean gnímh Comhionannas Deiseanna i Scoileanna (DEIS) (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005) – a chur i láthair anseo chomh maith. Sanntar bunscoileanna don chlár seo bunaithe ar shuirbhé náisiúnta ar scoileanna a bhailigh sonraí maidir le rátaí dífhostaíochta, cónaitheoirí i dtithíocht údaráis áitiúil, teaghlaigh aon tuismitheora, teaghlaigh mhóra (> 5 leanbh), daltaí ón Lucht Siúil agus leanaí a thagann faoi scéim na ndeontas leabhar. Sannadh iarbhunscoileanna don SSP bunaithe ar na sonraí ón mbunachar sonraí daltaí iar-bhunscoile agus bord scrúdaithe choimisiúin an stáit, ina n-áirítear líon na n-iarrthóirí don Teastas Sóisearach agus a gcuid torthaí, na rátaí coinneála don Teastas Sóisearach, na rátaí coinneála don Ardteistiméireacht, agus iad siúd a bhfuil an cárta leighis acu. Sannadh scoileanna a ghlac páirt i suirbhé 2006 an HBSC mar scoileanna DEIS de réir an liosta SSP a chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil.

Faigheann 28 bunscoil agus 24 iar-bhunscoil de chuid shampla an HBSC tacaíocht faoi SSP agus is ionann sin agus 24% den sampla an HBSC, i gcomparáid le 22% de leanaí sa phobal iomlán mar a thuairiscigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Cuirtear dáileadh thréithe sochdhéimeagrafach leanaí i scoileanna DEIS i láthair i gcomparáid leis an sampla iomlán.

**Tábla 1.6: Dáileadh sochdhéimeagrafach shampla HBSC i gcomparáid le leanaí i scoileanna DEIS**

| | | Sampla ginearálta | Scoileanna DEIS |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 51% | 50% |
| | Cailíní | 49% | 50% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 13% | 19% |
| | 12-14 bl | 48% | 45% |
| | 15-17 bl | 39% | 36% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 29% | 15% |
| | AS3-4 | 40% | 44% |
| | AS5-6 | 19% | 21% |
| | AS ar iarraidh | 12% | 20% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 42% | 60% |
| | Tuaithe | 58% | 40% |
| | *n* | *8317* | *2017* |

I gcás gach scoil DEIS, rinneadh scoil a bhí cosúil leo a chomhoiriúnú bunaithe ar mhéid, ar chineál agus ar láthair na scoile (laistigh den réigiúin). Ó tharla go ndearnadh na scoileanna a chomhoiriúnú ag leibhéal na scoile, táthar ag tuar go mbeidh difríochtaí ann idir tréithe sochdhéimeagrafacha DEIS agus na scoileanna comhoiriúnaithe. Níorbh fhéidir comhoiriúnaithe fóirsteanacha a dhéanamh do 3 bhunscoil DEIS ná do 5 iar-bhunscoil DEIS. Cuirtear dáileadh thréithe sochdhéimeagrafach leanaí i scoileanna DEIS i láthair i gcomparáid le leanaí i scoileanna comhoiriúnaithe i dTábla 1.7.

**Tábla 1.7: Dáileadh sochdhéimeagrafach scoileanna DEIS agus scoileanna comhoiriúnaithe**

| | | Scoileanna DEIS | Scoileanna comhoiriúnaithe |
|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | |
| | Buachaillí | 50% | 47% |
| | Cailíní | 50% | 53% |
| **Aoisghrúpa** | | | |
| | 10-11 bl | 19% | 15% |
| | 12-14 bl | 45% | 44% |
| | 15-17 bl | 36% | 41% |
| **Aicme shóisialta** | | | |
| | AS1-2 | 15% | 30% |
| | AS3-4 | 44% | 41% |
| | AS5-6 | 21% | 18% |
| | AS ar iarraidh | 20% | 10% |
| **Uirbeach/Tuaithe** | | | |
| | Uirbeach | 60% | 35% |
| | Tuaithe | 40% | 65% |
| | *n* | *2017* | *2250* |

*Tabhair faoi deara: Déantar rialú ar chomparáidí minicíochtaí idir scoileanna DEIS agus a sampla comhoiriúnaithe de réir a stádais uirbigh nó tuaithe bunaithe ar Thábla 1.7.*




# 2. Sláinte Ghinearálta

Maidir le folláine daltaí, iarradh orthu a sláinte a ghrádú, tuairisc a thabhairt faoina mothúcháin faoina saol ó thaobh sástachta agus sonais lena saol agus cuireadh ceist orthu an mbíodh tinneas cinn orthu riamh. Rinneadh catagóiriú ar dhaltaí mar dhaltaí sláintiúla má thuairiscigh siad 'togha na sláinte' agus mar dhaltaí sásta má thuairiscigh siad go raibh siad 'an-sásta'. Rinneadh rangú orthu sin a thuairiscigh go raibh siad ag 7 nó níos airde ar scála 0 go 10 mar dhaoine a bhí an-sona lena saol agus rinneadh rangú orthu sin a thuairiscigh go mbíonn tinneas cinn orthu go seachtainiúil nó níos minice ná sin mar dhaoine a mbíonn an airí sin go minic orthu. Cuirtear torthaí gach ceann de na grúpaí a phléitear sa tuarascáil seo i láthair astu féin.

## 2.1 An Lucht Siúil

Thuairiscigh beagán le cois an tríú cuid de na daltaí ón Lucht Siúil go raibh a sláinte an-mhaith, díreach mar a thuairiscigh an grúpa comhoiriúnaithe. Dúirt thart ar leath na ndaltaí (idir dhaltaí ón Lucht Siúil agus ón ngrúpa comhoiriúnaithe) go bhfuil siad an-sásta lena saol i láthair na huaire. As na daltaí ón Lucht Siúil, thuairiscigh 71% go raibh siad an-sona leis an saol (7 nó níos airde ar an scála) i gcomparáid le 82% den ghrúpa comhoiriúnaithe ($p<0.01$). Na cailíní is mó is cúis leis an difear sin.

**Fíor 2.1: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; ***$p<0.001$

Is mó seans go dtuairisceodh daltaí den Lucht Siúil go mbíonn tinneas cinn orthu uair sa tseachtain ar a laghad (33%) i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (21%; p<0.01). Tá an difear seo níos suntasaí i measc na gcailíní.

## 2.2 Inimircigh

Thuairiscigh díreach os cionn an tríú cuid de dhaltaí inimirceacha (35%) go mbíonn an sláinte thar barr acu (i gcomparáid le 34% den ghrúpa comhoiriúnaithe). Thuairiscigh i bhfad níos lú daltaí inimirceacha go raibh siad an-sásta lena saol faoi láthair (43%) i gcomparáid le 53% den ghrúpa comhoiriúnaithe (p<0.001). Thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go raibh siad an-sona leis an saol i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (74% vs. 80%; p<0.05), go háirithe i measc buachaillí. Thuairiscigh níos mó daltaí inimirceacha go mbíonn tinneas cinn orthu go seachtainiúil (29%) i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (22%; p<0.01); na cailíní is mó is cúis leis na difear sin.

**Fíor 2.2: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; ***p<0.001

Cé gur lú seans go dtuairisceodh na grúpaí daltaí inimirceacha go bhfuil siad an-sásta i gcomparáid lena ngrúpaí comhoiriúnaithe faoi seach, d'eascair patrúin inscne éagsúla. I measc daltaí inimirceacha ón RA, ba lú an seans go dtuairisceodh cailíní go raibh siad an-sásta, agus ba lú an líon buachaillí ó na daltaí inimirceacha nach as an RA iad a thuairiscigh go raibh siad an-sásta i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe.

Ba choitianta a tuairiscíodh go mbeadh tinneas cinn orthu i measc daltaí inimirce ón RA i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe; ní raibh seo amhlaidh i gcás inimirceach nach as an RA iad.

**Tábla 2.1: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**


| GACH DUINE | RA % | Comparàid % | Neamh-RA % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|
| Togha na sláinte | 29 | 34 | 40 | 34 |
| An-sona | 42* | 52 | 44* | 53 |
| An-sásta leis an saol | 71** | 81 | 76 | 79 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 30** | 19 | 27 | 24 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Togha na sláinte | 40 | 38 | 44 | 39 |
| An-sona | 46 | 52 | 45* | 58 |
| An-sásta leis an saol | 72 | 82 | 77 | 85 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 24* | 13 | 19 | 21 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Togha na sláinte | 19 | 29 | 35 | 28 |
| An-sona | 38** | 53 | 44 | 48 |
| An-sásta leis an saol | 70 | 80 | 76 | 73 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 36* | 25 | 37 | 27 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

## 2.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach

Ba lú i bhfad an seans go dtuairisceodh mic léinn a bhfuil míchumas/TA orthu go bhfuil a sláinte thar barr (26% vs 36% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001). Ba lú an seans go dtuairisceodh buachaillí a bhfuil míchumas orthu go bhfuil siad an-sásta lena saol faoi láthair (46% vs. 55% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001) ná go bhfuil siad an-sona leis an saol (74% vs. 83% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001). Bhí claonadh níos mó ag buachaillí agus cailíní araon a raibh míchumas/TA orthu a thuairisciú go mbíodh tinneas cinn orthu go seachtainiúil (32% vs. 24% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001).

**Fíor 2.3: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: ***p<0.001

Aithníodh difríochtaí eile nuair a rinneadh comparáid idir na foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu. Tríd is tríd, ba lú dalta sna trí ghrúpa a raibh míchumas/TA orthu a thuairiscigh go raibh an tsláinte go maith acu go ginearálta i gcomparáid lena ngrúpaí comhoiriúnaithe faoi seach. Bhí seo amhlaidh go háirithe ina gcás siúd a thuairiscigh go gcuireann a míchumas/TA as dá gcuid gníomhaíochta, i gcás buachaillí agus cailíní araon.

Bhí tinneas cinn níos forleithne sna trí fhoghrúpa daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu.

**Tábla 2.2: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus na samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparàid % | Cógas % | Comparàid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Togha na sláinte | 29*** | 38 | 27*** | 37 | 21*** | 32 |
| An-sona | 47 | 51 | 49 | 53 | 39*** | 50 |
| An-sásta leis an saol | 74* | 79 | 77 | 78 | 62*** | 78 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 30 | 26 | 28** | 23 | 43*** | 23 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Togha na sláinte | 35* | 44 | 30*** | 42 | 22*** | 37 |
| An-sona | 48* | 55 | 50 | 55 | 39*** | 55 |
| An-sásta leis an saol | 77 | 82 | 77* | 83 | 66*** | 83 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 25 | 21 | 23 | 18 | 35*** | 19 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Togha na sláinte | 22** | 31 | 23** | 31 | 20 | 26 |
| An-sona | 46 | 46 | 48 | 50 | 38 | 44 |
| An-sásta leis an saol | 71 | 75 | 77 | 73 | 57*** | 73 |
| Tinneas cinn uair sa tseachtain ar a laghad | 36 | 31 | 34* | 28 | 52*** | 29 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*$p<0.05$; **$p<0.01$; ***$p<0.001$

## 2.4 Scoileanna DEIS

Thuairiscigh níos lú buachaillí i scoileanna DEIS go raibh a sláinte thar barr (33% vs. 41% de na grúpaí comhoiriúnaithe; $p<0.001$) agus thuairiscigh níos lú cailíní i scoileanna DEIS go raibh siad an-sásta lena saol faoi láthair (55% vs. 49% de na grúpaí comhoiriúnaithe; $p<0.05$).

**Fíor 2.4: Sláinte ghinearálta fhéintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; ***p<0.001

Bhí tinneas cinn níos forleithne i measc buachaillí agus cailíní i scoileanna DEIS, agus thuairiscigh 29% san iomlán go raibh tinneas cinn orthu go seachtainiúil (vs. 25% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$).


# 3. Rioscaí Iompraíochta

Maidir le húsáid substainte, fiafraíodh de dhaltaí faoina mhinice a chaith siad tobac, ar ól siad alcól, a bhí siad ar meisce agus ar úsáid siad cannabas. Tugadh caiteoirí tobac agus daoine a d'ól alcól ar dhaoine a thuairiscigh go ndearna siad amhlaidh uair sa mhí, ar a mhéad, cé go dtagraíonn na sonraí thíos chomh maith dóibh siúd a thuairiscigh go raibh siad 'ar deargmheisce' am éigin agus dóibh siúd a thuairiscigh gur úsáid siad cannabas uair amháin, ar a laghad, le 12 mhí anuas.

## 3.1 An Lucht Siúil

Tríd is tríd, bhí daltaí ón Lucht Siúil níos rannpháirtí in iompraíocht riosca ná mar a bhí an grúpa comhoiriúnaithe. Thuairiscigh an ceathrú cuid de dhaltaí an Lucht Siúil (25%) gur caiteoirí tobac iad (vs. 17% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$); thuairiscigh 32% de dhaltaí an Lucht Siúil (idir bhuachaillí is chailíní) go raibh deoch mheisciúil acu le mí anuas (vs. 18% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.001$); thuairiscigh 40% de dhaltaí an Lucht Siúil go raibh siad "ar meisce amach is amach" (vs. 26% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$); agus d'úsáid 21% de dhaltaí an Lucht Siúil cannabas le 12 mhí anuas (vs. 12% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$).

**Fíor 3.1: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; **$p<0.01$

Ciallaíonn L30L le 30 lá anuas; ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas.

## 3.2 Inimircigh

Tríd is tríd, thuairiscigh daltaí inimirceacha leibhéal iompraíochta riosca den chineál céanna agus a bhí ag a ngrúpa comhoiriúnaithe. An t-aon eisceacht a bhí ann gur lú seans a bhí ann go dtuairisceodh buachaillí inimirceacha go raibh siad "ar meisce amach is amach" i gcomparáid leis na buachaillí sa ghrúpa comhoiriúnaithe (28% vs. 36%; $p<0.05$).

**Fíor 3.2: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$

Ciallaíonn L30L le 30 lá anuas; ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas.

Tugtar difríochtaí faoi deara nuair a dhéantar comparáid leis na foghrúpaí inimirceacha, go háirithe le buachaillí as taobh amuigh den RA. Thuairiscigh níos lú buachaillí inimirceacha nach as an RA iad go raibh deoch mheisciúil acu le mí anuas (17% i gcomparáid le 28% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$); go raibh siad "ar meisce amach is amach" (23% i gcomparáid le 40% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$); nó gur úsáid siad cannabas le 12 mhí anuas (9% i gcomparáid le 19% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$).

**An Nigéir**
Tá 28 leanbh as an Nigéir sa staidéar, agus tá siad níos óige ná an sampla ginearála, a bhformhór bailithe timpeall cheantar Bhaile Átha Cliath, agus a bhformhór ag freastal ar scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu. Labhraíonn na leanaí ar fad as an Nigéir Béarla sa bhaile agus tá thart ar dhá thrian de na tuismitheoirí i bpost ar a bhfuil íocaíocht le fáil. Is lú seans go dtuairisceodh na leanaí seo go bhfuil siad sásta lena saol nó go bhfuil siad an-sona leis an saol ná leanaí Éireannacha comhoiriúnaithe. Níor thuairiscigh duine ar bith acu gur chaith siad tobac, gur ól siad alcól ná gur úsáid siad cannabas, agus cé go n-itheann siad níos mó torthaí, itheann siad níos lú glasraí. Tá gníomhaíocht fhisiciúil níos coitianta, agus breathnú ar an teilifís, ach ní bhíonn oiread plé acu le bulaíocht agus le troid agus a bhíonn ag leanaí Éireannacha. Cé gur mó seans go dtuairisceoidís gur maith leo an scoil, is lú seans go ndéarfaidís go bhfuil sé éasca labhairt lena máthair agus lena n-athair.

**Tábla 3.1: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**


| GACH DUINE | RA % | Comparàid % | Neamh-RA % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 19 | 19 | 11* | 16 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 31 | 25 | 17* | 25 |
| Ar deargmheisce | 35 | 30 | 22** | 35 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 18 | 13 | 9* | 15 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 17 | 19 | 11 | 19 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 31 | 28 | 17* | 28 |
| Ar deargmheisce | 34 | 32 | 23** | 40 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 20 | 16 | 9* | 19 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 20 | 19 | 10 | 13 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 30 | 23 | 18 | 22 |
| Ar deargmheisce | 36 | 27 | 21 | 25 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 17 | 11 | 8 | 10 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; **$p<0.01$

## 3.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach

Ní bhfuarthas aon difríochtaí in iompraíocht riosca nuair a rinneadh comparáid idir daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu agus a ngrúpaí comhoiriúnaithe.

**Fíor 3.3: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Ciallaíonn L30L le 30 lá anuas; ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas.

Mar an gcéanna, aithníodh fíorbheagán difríochtaí nuair a rinneadh comparáid idir na foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu. Bhí aon eisceacht amháin ann i measc cailíní inar thuairiscigh 22% díobh sin a raibh míchumas/TA orthu gur caiteoirí tobac iad faoi láthair, i gcomparáid le 14% den ghrúpa comhoiriúnaithe cailíní ($p<0.05$).

**Tábla 3.2: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparàid % | Cógas % | Comparàid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 13 | 15 | 14 | 16 | 23** | 16 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 24 | 26 | 25 | 25 | 32 | 28 |
| Ar deargmheisce | 33 | 34 | 30 | 32 | 38 | 34 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 13 | 11 | 11 | 12 | 17 | 16 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 13 | 16 | 12 | 15 | 23 | 17 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 27 | 30 | 28 | 26 | 34 | 28 |
| Ar deargmheisce | 39 | 38 | 31 | 34 | 42 | 35 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 17 | 14 | 12 | 13 | 19 | 19 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Caiteoirí tobac faoi láthair | 13 | 14 | 16 | 16 | 22* | 14 |
| Deoch alcólach le mí anuas | 21 | 21 | 22 | 23 | 30 | 28 |
| Ar deargmheisce | 27 | 29 | 29 | 30 | 33 | 32 |
| Cannabas le 12 mhí anuas | 8 | 9 | 10 | 10 | 15 | 13 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*$p<0.05$; **$p<0.01$

## 3.4 Scoileanna DEIS

Thuairiscigh níos mó buachaillí i scoileanna DEIS gur caiteoirí tobac iad faoi láthair (17% vs. 10% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001) agus go raibh siad "ar meisce amach is amach" (40% vs. 35% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05). Níor fionnadh go raibh aon difear eile ann idir daltaí a d'fhreastail ar scoileanna DEIS agus daltaí na scoileanna comhoiriúnaithe.

**Fíor 3.4: Iompraíocht riosca fhéintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; ***p<0.001

Ciallaíonn L30L le 30 lá anuas; ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas.


# 4. Bia agus iompraíocht cothaithe

Iarradh ar mhic léinn a mhinice a itheann siad torthaí, glasraí, milseáin agus a ólann siad deochanna boga a thuairisciú. Tuairiscithe thíos tá céatadáin na ndaoine a thuairiscigh gur ith siad torthaí nó glasraí níos mó ná uair amháin sa lá, agus gur ith siad milseáin agus gur ól siad deochanna boga uair amháin sa lá ar a laghad. Maidir le hiompraíocht bia thuairiscigh mic léinn cé acu an mbíonn bricfeasta acu i rith na seachtaine, an dtéann siad ar scoil nó a luí agus ocras orthu riamh de bhrí nach bhfuil go leor bia sa teach, rud ar a dtugtar bochtaineacht bia, agus an raibh siad ar aiste nó ag déanamh rud éigin eile le meáchan a chailleadh. Tagraíonn na sonraí thíos dóibh siúd a thuairiscigh nach mbíonn bricfeasta acu riamh i rith na seachtaine, go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia, agus atá ar aiste faoi láthair.

## 4.1 An Lucht Siúil

Tuairiscíonn thart ar an gcúigiú cuid de dhaltaí an Lucht Siúil go n-itheann siad torthaí (22%) agus glasraí (18%) níos mó ná uair amháin sa lá, agus tá na figiúirí sin cosúil le figiúirí an ghrúpa chomhoiriúnaithe. Thuairiscigh díreach os cionn an tríú cuid de dhaltaí an Lucht Siúil (34%) go n-ólann siad deochanna boga uair amháin sa lá nó níos mó ná sin (vs. 26% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$) agus thuairiscigh 42% de bhuachaillí an Lucht Siúil go n-itheann siad milseáin uair amháin sa lá nó níos mó ná sin (vs. 29% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$).


**Fíor 4.1: Nósanna cothaithe féintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$

Ba mhó an seans go dtuairisceodh cailíní ón Lucht Siúil nach mbíonn bricfeasta acu i rith na seachtaine (27% vs. 14% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$) agus go bhfuil siad ar aiste (19% vs. 9% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$). Chomh maith leis sin, thuairiscigh níos mó daltaí ón Lucht Siúil go raibh bochtaineacht bia orthu i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (28% vs. 19%; $p<0.05$).

**Fíor 4.2: Iompraíocht bia féintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$

## 4.2 Inimircigh

B'ionann na nósanna cothaithe a tuairiscíodh ag daltaí inimirceacha agus ag a ngrúpa comhoiriúnaithe. Thuairiscigh díreach os cionn an ceathrú cuid de dhaltaí inimirceacha (26%) go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair amháin sa lá agus thuairiscigh 18% díobh go n-itheann siad glasraí níos mó ná uair amháin sa lá. Thuairiscigh níos mó ná an tríú cuid de dhaltaí inimirceacha agus de dhaltaí ón ghrúpa comhoiriúnaithe gur ith siad milseáin uair amháin sa lá nó níos mó ná sin agus thuairiscigh níos lú ná an ceathrú cuid den dá ghrúpa gur ól siad deoch bog uair amháin sa lá nó níos mó ná sin.

**An Pholainn**
Tá 24 leanbh as an bPolainn sa staidéar, iad ar fad beagnach in iar-bhunscoileanna DEIS. Tá siad bailithe i gceantair uirbeacha agus labhraíonn siad Polainnis sa bhaile agus tá na tuismitheoirí ar fad, beagnach, ag obair. Ó thaobh iompraíochta sláinte de, is mó seans go dtuairisceoidís go n-itheann siad torthaí agus glasraí ná na grúpaí comhoiriúnaithe Éireannacha, ach is lú seans go dtuairisceoidís gníomhaíocht fhisiciúil. Is mó seans go mbeadh deacrachtaí ag na leanaí seo as an bPolainn ar scoil, is mó seans go mbeidís i dtroid agus tuairiscíonn níos lú díobh go gcaitheann siad am i ndiaidh na scoile le cairde nó go bhfuil a gcomhdhaltaí cineálta agus cabhrach, go nglacann siad leo nó gur maith leo a bheith ina gcuideachta, cé gur túisce a thuairisceoidís caidreamh maith a bheith acu lena n-aithreacha ná leanaí Éireannacha.


**Fíor 4.3: Nósanna cothaithe féintuairiscithe i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05

Thuairiscigh níos mó cailíní inimirceacha nach mbíonn bricfeasta acu i rith na seachtaine (23% vs. 14%; $p<0.01$) agus go raibh siad ar aiste (21% vs. 12%; $p<0.01$) i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe.

**Fíor 4.4: Iompraíocht bia féintuairiscithe i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

Nuair a dhéantar comparáid leis na foghrúpaí inimirceacha is léir go bhfuil difríochtaí eile ann. Thuairiscigh níos mó daltaí inimirceacha nach as an RA iad go n-itheann siad torthaí níos mó ná uair amháin sa lá (33% vs. 22% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01) agus bhí an difríocht seo suntasach go háirithe i measc cailíní. I gcomparáid leis sin, thuairiscigh níos lú cailíní inimirceacha as an RA gur ith siad glasraí níos mó ná uair amháin sa lá.

**Tábla 4.1: Nósanna cothaithe féintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | RA % | Comparàid % | Neamh-RA % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 18 | 20 | 33** | 22 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 17 | 20 | 20 | 18 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 38 | 37 | 30 | 32 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 24 | 21 | 25 | 22 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 20 | 17 | 29 | 21 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 22 | 19 | 17 | 20 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 38 | 36 | 30 | 35 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 28 | 22 | 29 | 24 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 16 | 23 | 37** | 22 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 12* | 21 | 23 | 17 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 37 | 37 | 30 | 30 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 20 | 20 | 20 | 21 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

Bhí sé níos coitianta i measc cailíní inimirceacha ón RA nach mbacfaidís le bricfeasta a bheith acu i rith na seachtaine agus go mbeidís ar aiste i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe.

**Tábla 4.2: Iompraíocht bia fhéintuairiscithe foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**


| GACH DUINE | RA % | Comparàid % | Neamh-RA % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 20* | 12 | 16 | 14 |
| Bochtaineacht bia | 19 | 15 | 16 | 15 |
| Ar aiste bia | 17* | 10 | 14 | 9 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 13 | 14 | 12 | 12 |
| Bochtaineacht bia | 20 | 18 | 16 | 15 |
| Ar aiste bia | 10 | 5 | 12 | 9 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 26*** | 11 | 20 | 17 |
| Bochtaineacht bia | 19 | 12 | 16 | 15 |
| Ar aiste bia | 24* | 15 | 17 | 10 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithes: *$p<0.05$; ***$p<0.001$

## 4.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach

Tá na nósanna cothaithe i measc daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu cosúil le nósanna an ghrúpa chomhoiriúnaithe, seachas ó thaobh cailíní a bheith ag ól deochanna boga. Thuairiscigh níos mó cailíní a bhfuil míchumas/TA orthu gur ól siad deochanna boga gach lá (24%) i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (19%; p<0.01).


**Fíor 4.5: Nósanna cothaithe féintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: **p<0.01

Maidir le hiompraíocht bia, thuairiscigh níos mó daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia (19% vs. 15% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001) agus go bhfuil siad ar aiste le meáchan a chailleadh (15% vs. 11% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001).

**Fíor 4.6: Iompraíocht bia fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

Nuair a dhéantar comparáid idir na trí fhoghrúpa míchumais/TA is léir gurb ón ngrúpa daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann isteach ar a ngníomhaíocht laethúil a thagann go leor de na difríochtaí. Thuairiscigh níos mó daltaí sa ghrúpa seo gur ith siad glasraí níos minice ná uair amháin sa lá agus gur ól siad níos mó deochanna bog ná mar a thuairiscigh a ngrúpa comhoiriúnaithe.

Chomh maith leis sin, ba mhó seans nach mbacfadh daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu le bricfeasta i rith na seachtaine, go mbeadh taithí acu ar bhochtaineacht bia agus go mbeidís ar aiste. Bhí sé níos coitianta fosta go mbeadh daltaí a raibh míchumas/TA orthu ar gá cógais a thógáil dó ar aiste chomh maith. Is léir difríochtaí inscne chomh maith i measc na ndaltaí a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann isteach ar a ngníomhaíocht laethúil; thuairiscigh buachaillí go raibh an-taithí acu ar bhochtaineacht bia agus ar aiste agus thuairiscigh na cailíní gurbh iad is mó nár bhac le bricfeasta agus a raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia i gcomparáid leis na ngrúpaí comhoiriúnacithe faoi seach.

**Tábla 4.3: Nósanna cothaitheféintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparàid % | Cógas % | Comparàid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 18 | 18 | 20 | 20 | 20 | 19 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 16 | 17 | 18 | 20 | 19* | 14 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 37 | 37 | 38 | 42 | 43 | 40 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 29 | 24 | 24 | 23 | 32* | 26 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 15 | 14 | 18 | 16 | 19 | 18 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 15 | 14 | 15 | 18 | 17 | 13 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 37 | 38 | 34 | 39 | 39 | 36 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 32 | 29 | 26 | 28 | 34 | 30 |
| **Cailíní** | | | | | | |
| Torthaí níos mó ná uair sa lá | 21 | 22 | 22 | 24 | 23 | 19 |
| Glasraí níos mó ná uair sa lá | 18 | 21 | 20 | 21 | 21 | 16 |
| Milseáin uair sa lá ar a laghad | 37 | 37 | 42 | 45 | 48 | 45 |
| Deochanna boga uair sa lá ar a laghad | 25 | 19 | 21 | 18 | 31* | 22 |

Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*$p<0.05$

**Tábla 4.4: Iompraíocht bia fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparàid % | Cógas % | Comparàid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 14 | 13 | 13 | 13 | 21* | 15 |
| Bochtaineacht bia | 19 | 16 | 16 | 14 | 25*** | 15 |
| Ar aiste bia | 14 | 11 | 14* | 11 | 18** | 11 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 11 | 9 | 10 | 10 | 16 | 16 |
| Bochtaineacht bia | 20 | 18 | 19 | 16 | 27** | 18 |
| Ar aiste bia | 9 | 8 | 10 | 8 | 16** | 8 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Gan aon bhricfeasta aon lá i rith na seachtaine | 17 | 17 | 16 | 15 | 26** | 14 |
| Bochtaineacht bia | 18 | 15 | 14 | 12 | 22** | 12 |
| Ar aiste bia | 19 | 14 | 17 | 14 | 22 | 16 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*p<0.05 **p<0.01; ***p<0.001

## 4.4 Scoileanna DEIS

Thuairiscigh níos lú buachaillí i scoileanna DEIS gur ith siad torthaí (15% vs. 19% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01) agus glasraí go laethúil (13% vs. 17% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01), thuairiscigh níos mó daltaí (idir bhuachaillí agus chailíní) i scoileanna DEIS gur ith siad milseáin gach lá (44% vs. 36% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001) agus gur ól siad deochanna boga (37% vs. 23% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001).


**Fíor 4.7: Nósanna cothaithe féintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

Thuairiscigh níos mó daltaí (idir bhuachaillí agus chailíní) i scoileanna DEIS nach raibh bricfeasta acu i rith na seachtaine (18% vs. 12% de na grúpaí comhoiriúnaithe; p<0.001); ach thuairiscigh níos lú buachaillí i scoileanna DEIS go raibh taithí acu ar bhochtaineacht bia (17% vs. 20% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05),

**Fíor 4.8: Iompraíocht bia fhéintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001




# 5. Gníomhaíocht fhisiciúil agus iompraíocht shuiteach

Iarradh ar dhaltaí a thuairisciú a mhinice a bhíonn siad rannpháirteach in aclaíocht bhríomhar ina gcuid ama saor; a mhéad lá a mbíonn siad gníomhach go fisiciúil ar feadh níos mó ná 60 nóiméad; agus cá mhéad uair an chloig sa lá a chaitheann siad ag amharc ar an teilifís. Glacadh leis gurbh ionann rannpháirtíocht in aclaíocht bhríomhar ceithre huaire nó níos mó ná sin sa tseachtain agus leibhéal ard gníomhaíochta agus gurbh ionann rannpháirtíocht in aclaíocht bhríomhar níos annaimhe ná uair sa tseachtain agus leibhéal íseal gníomhaíochta. Socraíodh gur 60 nóiméad gníomhaíochta cúig lá sa tseachtain nó níos mó ná sin an pointe scoite do ghníomhaíocht mheánach agus gníomhaíocht bhríomhar, agus socraíodh dhá uair an chloig sa lá nó níos mó ná sin ag amharc ar an teilifís mar phointe scoite don nós amharc ar an teilifís go minic.

## 5.1 An Lucht Siúil

Thuairiscigh díreach os cionn leath na ndaltaí ón Lucht Siúil go raibh siad rannpháirteach in aclaíocht bhríomhar ceithre huaire nó níos mó sa tseachtain agus go mbíonn siad gníomhach go fisiciúil cúig huaire nó níos mó sa tseachtain, rud a bhí cosúil leis an ngrúpa comhoiriúnaithe. Ach thuairiscigh níos mó daltaí ón Lucht Siúil nach raibh aon ghníomhaíocht fhisiciúil ar bun acu, agus thuairiscigh 16% acu gur lú ná uair sa tseachtain a bhídís rannpháirteach in aclaíocht bhríomhar (vs. 7% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$).

**Fíor 5.1: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: **p<0.01

## 5.2 Inimircigh

Tríd is tríd, thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go raibh siad rannpháirteach go rialta i ngníomhaíocht fhisiciúil i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe. Ba lú an seans go dtuairisceodh buachaillí inimirceacha go raibh siad rannpháirteach in aclaíocht bhríomhar ná an grúpa comhoiriúnaithe (58% vs. 68%; p<0.05), agus ba mhó cailíní inimirceacha a thuairiscigh gur lú ná uair sa tseachtain a bhíonn siad rannpháirteach i gníomhaíocht den sórt sin (17% vs. 10% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05). Thuairiscigh níos lú mac léinn inimirceach (idir bhuachaillí agus chailíní) go mbíonn siad gníomhach go fisiciúil cúig huaire nó níos mó ná sin sa tseachtain (50% vs. 57% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05)

**Fíor 5.2: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

**Na hOileáin Fhilipíneacha**
Tá 28 leanbh as na hOileáin Fhilipíneacha sa staidéar, a bhformhór ina gcónaí i gceantair uirbeacha agus labhraíonn siad Filipínis sa bhaile, tá post ag na tuismitheoirí ar fad, beagnach, agus thuairiscigh an mhórchuid díobh gur banaltraí a máthair. I gcomparáid leis na leanaí Éireannacha comhoiriúnaithe is lú seans go mbeidís sona agus thuairiscigh siad go mbíonn níos mó tinneas cinn orthu. Cé gur lú seans atá ann go raibh siad ar meisce agus go dtuairiscíonn siad níos mó gníomhaíochta fisiciúla, is mó seans freisin go mbeadh taithí acu ar bhochtaineacht biaorthu agus nach mbacfaidís leis an mbricfeasta. Tuairiscíonn níos lú leanaí as na hOileáin Fhilipíneacha gur maith leo an scoil nó go nglacann a gcomhdhaltaí leo mar atá siad agus is mó seans freisin go ndéanfaí bulaíocht orthu.

Má dhéantar iniúchadh ar na foghrúpaí inimirceach feictear gur ó thaobh easpa gníomhaíochta fisiciúla amháin atá difríocht ann; tá cailíní inimirceacha nach as an RA dóibh níos neamhghníomhaí ná a ngrúpa comhoiriúnaithe (22% vs 10%; $p<0.01$).

**Tábla 5.1: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**


| GACH DUINE | RA % | Comparàid % | Neamh-RA % | Comparàid % |
|---|---|---|---|---|
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 48 | 54 | 49 | 55 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 48* | 57 | 52 | 57 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 10 | 8 | 15** | 7 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 64 | 61 | 62 | 60 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 57 | 66 | 59 | 70 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 60 | 67 | 58 | 65 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 9 | 4 | 9 | 5 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 64 | 58 | 65 | 60 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 40 | 44 | 38 | 40 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 38 | 48 | 44 | 47 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 11 | 11 | 22** | 10 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 65 | 64 | 60 | 60 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; **$p<0.01$

## 5.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach

Ní raibh difríocht shuntasach, i gcoitinne, idir daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu (idir bhuachaillí agus chailíní) ó thaobh a rannpháirtíochta in aclaíocht bhríomhar, i ngníomhaíocht fhisiciúil nó ó thaobh iompraíochta suití i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe. Bhí an t-aon eisceacht ann i measc buachaillí a bhfuil míchumas/TA orthu ar lú an seans go dtuairisceoidís go raibh siad rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil cúig huaire sa tseachtain nó níos mó ná sin (61% vs. 66% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$)

**Fíor 5.3: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: $*p<0.05$

Maidir leis na foghrúpaíí, thuairiscigh níos lú buachaillí a bhfuil míchumas/TA orthu agus a raibh cógais de dhíth orthu náa gcuireann a míchumas/TA isteach ar a ngníomhaíocht laethúil go raibh siad rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil cúig huaire nó níos mó ná sin an tseachtain roimhe sin i gcomparáid lena ngrúpaí comhoiriúnaithe. Chomh maith leis sin, thuairiscigh níos mó cailíní a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann isteach ar a ngníomhaíocht laethúil go raibh siad neamhghníomhach.

**Tábla 5.2: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparáid % | Cógas % | Comparáid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 57 | 54 | 55 | 56 | 52 | 53 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 59 | 58 | 54* | 59 | 51 | 53 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 9 | 10 | 9 | 9 | 16* | 10 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 62 | 64 | 62 | 64 | 63 | 65 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 65 | 63 | 63 | 66 | 59 | 66 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 69 | 65 | 59** | 68 | 54** | 65 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 6 | 7 | 5 | 5 | 12 | 8 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 66 | 66 | 65 | 67 | 66 | 66 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Aclaíocht 4+ huaire sa tseachtain | 50 | 45 | 46 | 45 | 43 | 37 |
| Gníomhach 5+ lá le seachtain anuas | 47 | 49 | 48 | 50 | 46 | 38 |
| Aclaíocht níos lú ná uair sa tseachtain | 12 | 13 | 13 | 13 | 22* | 14 |
| Teilifís ≥2 uair an chloig sa lá | 58 | 63 | 58 | 60 | 59 | 65 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

## 5.4 Scoileanna DEIS

Ní raibh aon difríochtaí ann idir daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna DEIS agus a ngrúpa comhoiriúnaithe maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil. Ach thuairiscigh níos mó buachaillí i scoileanna DEIS gur fhéach siad ar an teilifís ar feadh dhá uair an chloig nó níos mó ná sin sa lá (70% vs. 62% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01).

**Fíor 5.4: Gníomhaíocht fhisiciúil fhéintuairiscithe agus iompraíocht shuiteach fhéintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001


# 6. Gortuithe, troid agus bulaíocht

Iarradh ar dhaltaí a thuairisciú ar tharla gortú dóibh ar theastaigh cóir leighis uaidh le 12 mhí anuas, an ndearnadh bulaíocht orthu nó an ndearna siadsan bulaíocht ar dhaoine eile ar scoil le cúpla mí anuas agus an raibh siad i dtroid fhisiciúil le 12 mhí anuas. Tagraíonn na sonraí a thuairiscítear thíos do rannpháirtíocht i gceann ar bith de na hiompraíochtaí sin uair amháin nó níos mó ná sin sna tréimhsí ama seo.

## 6.1 An Lucht Siúil

Cé nach raibh aon difríochtaí foriomlán ann idir daltaí ón Lucht Siúil agus a ngrúpa comhoiriúnaithe ó thaobh gortuithe, troda nó bulaíochta, thuairiscigh níos mó cailíní ón Lucht Siúil go ndearnadh bulaíocht orthu le cúpla mí anuas (30% vs. 16% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05).

**Fíor 6.1: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus iompraíocht bulaíochta fhéintuairiscithe i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05

Ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas

## 6.2 Inimircigh

Thuairiscigh níos mó daltaí inimirceacha go ndearnadh bulaíocht orthu uair amháin, ar a laghad, le cúpla mí anuas (30%) i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe (23%; p<0.01). Níor léir aon difríochtaí eile a bheith ann idir inimircigh agus a ngrúpa comhoiriúnaithe.

**Fíor 6.2: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus iompraíocht bulaíochta fhéintuairiscithe i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

Ciallaíonn L12M le 12 mhí anuas

Thuairiscigh níos mó daltaí inimirceacha ón RA go ndearnadh bulaíocht orthu le cúpla mí anuas, agus thuairiscigh níos mó cailíní inimirceacha ón RA go raibh siad páirteach i mbulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile agus go raibh siad rannpháirteach i dtroid fhisiciúil le 12 mhí anuas ná mar a thuairiscigh a ngrúpa comhoiriúnaithe.

**An Liotuáin**
Tá 24 leanbh as an Liotuáin san áireamh sa staidéar, a bhformhór ina gcónaí i gceantair uirbeacha, labhraíonn siad Liotuáinis sa bhaile agus bíonn an bheirt tuismitheoirí ag obair. Cé gur lú seans go n-ólfaidh na leanaí seo alcól nó go dtógfaidh siad cannabas, agus cé gur lú tinneas cinn a thuairiscíonn siad ná leanaí Éireannacha, is lú seans chomh maith go mbeidís rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil go rialta agus caitheann siad níos mó ama ag amharc ar an teilifís ná iad. Tuairiscíonn siad go n-itheann siad níos mó milseán agus go n-ólann siad níos mó deochanna boga, ach itheann siad níos mó torthaí. Cé nach bhfuil na leanaí seo as an Liotuáin chomh dearfach faoina gcaidreamh lena gcomhdhaltaí agus cé gur lú seans go mbeidís i dtroid, is mó seans go dtuairisceoidís go raibh bulaíocht á déanamh orthu ná na leanaí comhoiriúnaithe Éireannacha.

**Tábla 6.1: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus iompraíocht bulaíochta fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe de réir inscne**


| GACH DUINE | RA % | Comparáid % | Neamh-RA % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|
| Gortú le 12 mhí anuas | 40 | 41 | 36 | 41 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 30* | 21 | 29 | 24 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 21 | 19 | 22 | 23 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 38 | 36 | 35 | 42 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Gortú le 12 mhí anuas | 46 | 52 | 43 | 51 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 32* | 20 | 32 | 25 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 25 | 29 | 30 | 33 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 48 | 52 | 50 | 54 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Gortú le 12 mhí anuas | 34 | 31 | 29 | 31 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 28 | 21 | 26 | 24 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 18 | 11 | 14 | 13 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 28 | 22 | 18 | 28 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$

## 6.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach

Thuairiscigh níos mó daltaí a raibh míchumas/TA orthu gur bhain gortú dóibh a raibh cóir leighis le cur air le 12 mhí anuas (50% vs. 44% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.01$) agus go ndearnadh bulaíocht orthu le cúpla mí anuas (30% vs. 22% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.001$). Chomh maith leis sin, thuairiscigh níos mó cailíní a raibh míchumas/tinneas ainsealach orthu go raibh siad páirteach i dtroid fhisiciúil le 12 mhí anuas (28%) i gcomparáid lena ngrúpa comhoiriúnaithe (22%; $p<0.01$).

**Fíor 6.3: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus bulaíocht fhéintuairiscithe i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; **$p<0.01$; ***$p<0.001$

Ba léir go raibh difríochtaí eile ann nuair a rinneadh comparáid idir na foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu. Thuairiscigh níos mó daltaí sna foghrúpaí ar fad gur bhain gortú dóibh ar ghá cóir leighis a fháil dó agus go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil le cúpla mí anuas i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe. Chomh maith leis sin, thuairiscigh níos mó daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann isteach ar a ngíomhaíocht gur ghlac siad páirt i dtroid fhisiciúil le 12 mhí anuas.

**Tábla 6.2: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus bulaíocht fhéintuairiscithe i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparáid % | Cógas % | Comparáid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gortú le 12 mhí anuas | 50 | 44 | 48* | 43 | 56*** | 44 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 28** | 22 | 30*** | 23 | 32*** | 22 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 24* | 20 | 22 | 23 | 25 | 22 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 42 | 37 | 40 | 38 | 48*** | 36 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Gortú le 12 mhí anuas | 57 | 53 | 55 | 52 | 63 | 56 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 26 | 21 | 32*** | 22 | 33* | 25 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 31 | 26 | 30 | 29 | 32 | 27 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 55 | 52 | 53 | 53 | 59* | 49 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Gortú le 12 mhí anuas | 38 | 34 | 42* | 34 | 47*** | 29 |
| Bulaíocht déanta ort le cúpla mí anuas | 30* | 22 | 28 | 24 | 31** | 19 |
| Bulaíocht déanta agat ar dhaltaí eile le cúpla mí anuas | 17 | 13 | 13 | 16 | 16 | 15 |
| I dtroid le 12 mhí anuas | 28 | 22 | 25 | 23 | 34*** | 20 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*$p<0.05$; **$p<0.01$; ***$p<0.001$

## 6.4 Scoileanna DEIS

Bhí daltaí i scoileanna DEIS cosúil leis na daltaí ina ngrúpa comhoiriúnaithe ó thaobh an oiread gortuithe a tharla dóibh agus ó thaobh bulaíochta a bheith déanta orthu. Ach thuairiscigh níos mó cailíní i scoileanna DEIS go raibh bulaíocht déanta acu ar dhaoine eile le cúpla mí anuas (17% vs. 13% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.05$) agus go raibh siad i dtroid fhisiciúil le 12 mhí anuas (30% vs. 23% den ghrúpa comhoiriúnaithe; $p<0.001$).

**Fíor 6.4: Gortuithe féintuairiscithe, troid fhéintuairiscithe agus bulaíocht fhéintuairiscithe i gcás daltaí as scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; ***$p<0.001$


# 7. Comhthéacs Sóisialta don tSláinte

Iarradh ar dhaltaí tuairisc a thabhairt ar an dúil atá acu sa scoil agus cuireadh sraith ceisteanna orthu faoi na daltaí a bhí sa rang leo: an maith leo bheith le chéile, an bhfuil siad cineálta agus cabhrach agus cé acu an mothaíonn siad go nglacann a gcomhdhaltaí leo. Rinneadh rangú ar dhaltaí mar dhaltaí ar maith leo an scoil má thuairiscigh siad gur maith leo í 'beagáinín' nó 'go mór', agus measadh gur aontaigh siad leis na ráitis faoina gcomhdhaltaí má luaigh siad gur 'aontaigh siad go láidir' nó gur 'aontaigh' siad. Maidir le caidreamh le daoine eile, iarradh ar dhaltaí a thuairisciú a éasca a bhí sé orthu labhairt lena n-athair agus lena máthair faoi rudaí a chuireann isteach go mór orthu, cá mhéad tráthnóna sa tseachtain a chaitheann siad le cairde agus cá mhéad cara atá acu ar den inscne chéanna iad. Tagraíonn na sonraí thíos dóibh sin a thuairiscíonn go bhfuil cumarsáid lena dtuismitheoirí 'éasca' nó 'an-éasca', a chaitheann trí thráthnóna sa tseachtain nó níos mó ná sin le cairde agus a bhfuil triúr cairde, ar a laghad, den inscne chéanna acu.

## 7.1 An Lucht Siúil

Thuairiscigh níos lú cailíní ón Lucht Siúil gur thaitin an scoil leo (62% vs. 78% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05) agus gur ghlac daltaí eile leo mar a bhí siad (76% vs. 89% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01). Chomh maith leis sin thuairiscigh níos lú buachaillí ón Lucht Siúil gur maith le daltaí ina ranganna a bheith le chéile (75%) i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (86%; p<0.05).


**Fíor 7.1: Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01

Thuairiscigh níos lú daltaí ón Lucht Siúil go bhfuil sé furasta acu labhairt lena máthair (71% vs. 80% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05). Maidir leis an líon cairde den inscne chéanna: thuairiscigh níos lú cailíní ón Lucht Siúil go bhfuil triúr cairde nó níos mó acu den inscne chéanna i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe (84% vs. 94%; p<0.05).

**Fíor 7.2: Caidreamh sóisialta daltaí ón Lucht Siúil agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir an grúpa ón Lucht Siúil agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05

## 7.2 Inimircigh

Tríd is tríd ba lú seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha dearcadh dearfach i leith na scoile. Thuairiscigh níos lú daltaí inimirceacha go raibh daltaí ina ranganna cineálta agus cabhrach (62% vs. 68% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05) ná go nglacann daltaí sna ranganna leo mar atá siad (73% vs. 82% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001). Thuairiscigh níos lú cailíní inimirceacha gur maith le daltaí ina ranganna a bheith le chéile (68% vs. 77% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05).


**Fíor 7.3:** **Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

Ba lú seans chomh maith go dtuairisceodh daltaí inimirceacha go raibh caidreamh dearfach acu lena bpiaraí: ba lú dalta inimirceach a thuairiscigh go raibh triúr cairde nó níos mó acu den inscne chéanna (83% vs. 91% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001).

**Fíor 7.4:** **Caidreamh sóisialta daltaí inimirceacha agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

Tríd is tríd ba lú seans go dtuairisceodh daltaí inimirceacha ón RA gur maith le daltaí ina gcuid ranganna a bheith le chéile, go bhfuil daltaí ina ranganna cineálta agus cabhrach nó go nglacann daltaí eile leo mar atá siad. Thuairiscigh níos lú cailíní inimirceacha nach as an RA go nglacann daltaí eile leo mar atá siad, i gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe.

**Tábla 7.1: Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | RA % | Comparáid % | Neamh-RA % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|
| Taitníonn an scoil leo | 67 | 71 | 76 | 72 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 70* | 79 | 69 | 73 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 62* | 71 | 62 | 65 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 74* | 83 | 72** | 81 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Taitníonn an scoil leo | 65 | 66 | 71 | 69 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 73 | 79 | 70 | 70 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 51** | 68 | 59 | 58 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 75 | 84 | 75 | 84 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Taitníonn an scoil leo | 70 | 77 | 80 | 74 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 68* | 80 | 68 | 75 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 72 | 73 | 65 | 74 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 72 | 82 | 68* | 79 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$; **$p<0.01$

Ba lú seans go gcaithfeadh cailíní inimirceacha nach as an RA iad trí oíche nó níos mó ná sin le cairde agusgo mbeadh triúr cairde nó níos mó ná sin den inscne chéanna acu.

**Tábla 7.2: Caidrimh shóisialta foghrúpaí daltaí inimirceacha agus na samplaí comhoiriúnaithe**


| GACH DUINE | RA % | Comparáid % | Neamh-RA % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|
| Éasca labhairt leis an athair | 57 | 59 | 66 | 62 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 79 | 76 | 79 | 79 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 55 | 53 | 56** | 68 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 86 | 90 | 79*** | 92 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | |
| Éasca labhairt leis an athair | 69 | 66 | 76 | 67 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 81 | 77 | 77 | 80 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 60 | 61 | 63 | 72 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 85 | 90 | 82 | 88 |
| **CAILÍNÍ** | | | | |
| Éasca labhairt leis an athair | 46 | 52 | 54 | 56 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 76 | 75 | 81 | 78 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 50 | 47 | 48* | 63 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 88 | 91 | 77*** | 96 |

Tábhacht an difir idir an grúpa inimirceach agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

## 7.3 Míchumas agus Tinneas Ainsealach


Thuairiscigh níos lú buachaillí a raibh míchumas/TA orthu go raibh daltaí ina ranganna cineálta agus cabhrach (61% vs. 66% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05) agus thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu go nglacann daltaí eile leo mar atá siad (77% vs. 84% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001).

**Fíor 7.5: Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; ***p<0.001

**Fíor 7.6: Caidrimh shóisialta daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe: *$p<0.05$

Thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann isteach ar a ngníomhaíocht laethúil gur thaitin an scoil leo, agus thuairiscigh níos lú daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu, agus a bhfuil míchumas/TA orthu a chuireann as do ghníomhaíocht go nglacann daltaí eile leo mar atá siad.

**Tábla 7.3: Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparáid % | Cógas % | Comparáid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Taitníonn an scoil leo | 66 | 66 | 69 | 68 | 55*** | 67 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 74 | 76 | 72 | 75 | 73 | 73 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 67 | 70 | 67 | 71 | 64 | 68 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 77** | 83 | 78 | 81 | 74** | 83 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Taitníonn an scoil leo | 61 | 59 | 64 | 64 | 53* | 64 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 77 | 78 | 70 | 74 | 78 | 77 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 62 | 67 | 61* | 67 | 61 | 63 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 79 | 83 | 77** | 84 | 75** | 84 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Taitníonn an scoil leo | 71 | 72 | 76 | 73 | 57** | 71 |
| Taitníonn leis na daltaí bheith le chéile | 71 | 74 | 75 | 76 | 66 | 67 |
| Tá na daltaí cineálta agus cabhrach | 71 | 72 | 74 | 76 | 66 | 74 |
| Glacann daltaí eile leo mar atá siad | 75* | 82 | 79 | 78 | 74 | 82 |

Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*p<0.05; ***p<0.001

Thuairiscigh níos lú buachaillí a bhfuil míchumas/TA orthu a mbíonn tionchar aige ar ghníomhaíocht laethúil go mbíonn sé éasca orthu nó an-éasca orthu labhairt lena n-athair agus thuairiscigh níos lú cailíní a bhfuil míchumas/TA orthu a mbíonn tionchar aige ar a ngníomhaíocht laethúil go bhfuil sé éasca nó an-éasca acu labhairt lena máthair.

**Tábla 7.4: Caidrimh shóisialta foghrúpaí daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus a samplaí comhoiriúnaithe**

| GACH DUINE | Tinneas % | Comparáid % | Cógas % | Comparáid % | Tionchar aige ar ghníomhaíocht % | Comparáid % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Éasca labhairt leis an athair | 60 | 60 | 62 | 63 | 53** | 61 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 78 | 81 | 79 | 78 | 72** | 79 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 60 | 59 | 60 | 62 | 66 | 64 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 91 | 92 | 89* | 92 | 86 | 87 |
| **BUACHAILLÍ** | | | | | | |
| Éasca labhairt leis an athair | 67 | 67 | 68 | 72 | 59* | 68 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 78 | 79 | 77 | 81 | 73 | 76 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 63 | 64 | 64 | 63 | 69 | 69 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 92 | 92 | 88 | 91 | 87 | 86 |
| **CAILÍNÍ** | | | | | | |
| Éasca labhairt leis an athair | 57 | 54 | 54 | 54 | 44 | 53 |
| Éasca labhairt leis an máthair | 78 | 82 | 81 | 76 | 70** | 83 |
| 3+ thráthnóna sa tseachtain le cairde | 52 | 53 | 55 | 61 | 62 | 58 |
| 3+ chara den inscne chéanna | 90 | 92 | 90 | 93 | 85 | 88 |


Tábhacht an difir idir an grúpa daltaí a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach orthu agus an grúpa comhoiriúnaithe:

*p<0.05

## 7.4 Scoileanna DEIS

Tríd is tríd, ba lú seans go dtuairisceodh buachaillí i scoileanna DEIS dearcadh dearfach faoin scoil ná a ngrúpa comhoiriúnaithe. I gcomparáid leis an ngrúpa comhoiriúnaithe, thuairiscigh níos lú buachaillí i scoileanna DEIS gur thaitin an scoil leo (58% vs. 66% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.001); gur maith le daltaí ina rang a bheith le chéile (73% vs. 78% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.05); nó go bhfuil daltaí ina rang cineálta agus cabhrach (59% vs. 67% den ghrúpa comhoiriúnaithe; p<0.01).


**Fíor 7.7: Comhthéacs scoile don tsláinte i gcás daltaí i scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**





Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: *p<0.05; **p<0.01; ***p<0.001

Thuairiscigh níos mó daltaí i scoileanna DEISgur chaith siad trí thráthnóna nó níos mó ná sin le cairde (70%) ná a ngrúpa comhoiriúnaithe (56%; p<0.001).

**Fíor 7.8: Caidreamh sóisialta daltaí i scoileanna DEIS agus an sampla comhoiriúnaithe de réir inscne**




Tábhacht an difir idir scoileanna DEIS agus an grúpa comhoiriúnaithe: ***p<0.001



# Foireann an Tionscadail

**An tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

| | |
|---|---|
| An Dr Saoirse Nic Gabhainn | Príomhthaighdeoir, HBSC (Poblacht na hÉireann) |
| An Dr Michal Molcho | Leas-Phríomhthaighdeoir HBSC |
| An Dr Colette Kelly | Bainisteoir tionscadail/taighdeoir sinsearach HBSC |
| Aoife Gavin, Uasal | Taighdeoir |
| Pauline Clerkin, Uasal | Taighdeoir |
| Marie Galvin, Uasal | Taighdeoir |
| Geraldine Nolan, Uasal | Taighdeoir |
| Siobhan O'Higgins, Uasal | Taighdeoir |
| Lorraine Walker, Uasal | Taighdeoir |
| Christina Costello, Uasal | Tacaíocht Riaracháin |

**Coiste Comhairleach**

| | |
|---|---|
| An tUasal Robbie Breen | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An Dr Seán Denyer | Stiúrthóir Sláinte Poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| An Dr John Devlin | Leas-Phríomhoifigeach Leighis, An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An Dr Sinéad Hanafin | An Ceann Taighde, Oifig an Aire do Leanaí |
| An tUasal Hugh Magee | Staitisteoir Sinsearach, An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| Olive McGovern, Uasal | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Brian Mullen | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| An tUasal Brian Neeson | Bainisteoir Feidhmeach, Taighde agus Forbairt um Chothú Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |

**Buíochas**

Na Tuismitheoirí agus Leanaí a ghlac páirt sa suirbhé
Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí sna scoileanna ar fad a ghlac páirt
Comhordaitheoir Idirnáisiúnta: An tOllamh Candace Currie, Ollscoil Dhún Éideann
Bainisteoir an Bhainc Shonraí Idirnáisiúnta: An Dr Oddrun Samdal, Ollscoil Bergen
An Oifig Aistriúcháin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh
An Roinn Sláinte agus Leanaí
Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthai Óige
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ina theannta sin, is mian linn buíochas a ghabháil leis an Uasal Greg Conlon, Gabrielle Ferris, Uasal, Tatziana Fries, Uasal, An tUasal Gerard Maloney, An tUasal Trevor Moylan, Elaine Shannon, Uasal, Catriona Boyle, Uasal, Patricia Brien, Uasal, Sonja-Mareike Freiling, Uasal, as ucht an chabhair a thug siad dúinn le linn dúinn a bheith i mbun oibre.

Iontráil Sonraí: Research Data, Co. Ard Mhacha agus Lorraine Walker.

HBSC Éireann, An tIonad Taighde um Chothú Sláinte,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
www.nuigalway.ie/hbsc